NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11049 – TRITON / CAVERION)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 274/09)

1. An 26 Iúil 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Triton Fund V (Geirsí), atá faoi rialú Triton Managers V Limited ('Triton', Geirsí), agus,

— Caverion Oyj ('Caverion', an Fhionlainn).

Gheobhaidh Triton rialú aonair ar Caverion ina iomláine de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin tairiscint phoiblí a fógraíodh an 7 Márta 2023.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is ciste infheistíochta é Triton Fund V a bhainistíonn agus a thugann comhairle do chuideachtaí thar ceann Triton, go príomha gnólachtaí meánmhéide a bhfuil a gceanncheathrú i Lár agus i dTuaisceart na hEorpa, go háirithe san Ostair, sa Ghearmáin, san Eilvéis, in Benelux agus sna tíortha Nordacha. Díríonn Triton Fund V go háirithe ar ghnólachtaí i gceithre phríomhearnáil: Seirbhísí Gnó, Tionscail, Tomhaltóirí, agus Sláinte.

— Is cuideachta poiblí faoi dhliteanas teoranta é Caverion a oibríonn i dteicneolaíocht tógála agus próisis thionsclaíocha a shuiteáil agus a chothabháil, go háirithe téamh, leictreachas, fuinneamh, aeráil, fuarú, uathoibriú foirgneamh agus disciplíní teicniúla slándála foirgneamh. Ina theannta sin, soláthraíonn Caverion seirbhísí cothabhála do phróisis déantúsaíochta tionsclaíocha ar nós hidreachumhachta, déantúsaíochta laín agus páipéir agus próisis cheimiceacha.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11049 – TRITON / CAVERION

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË